Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2020**
**(OR. en, fr)**

**5186/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0235(NLE)**

**PECHE 10**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13438/19 + ADD 1-2 - COM(2019) 483 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>- *Ráitis* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráitis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit.

---

**IARSCRÍBHINN**

**Maidir leis an roc dústríoctha in 8 (an Coimisiún)**

Iarrfaidh an Coimisiún comhairle eolaíoch ó ICES maidir leis an deis TAC uathrialach a shocrú don roc dústríoctha i bhfolimistéar 8 ICES. Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES an chomhairle seo a thabhairt in am lena breithniú don chéad leasú ar dheiseanna iascaireachta 2020. Ar bhonn na comhairle eolaíche, breithneoidh an Coimisiún leasú, más iomchuí, ar dheiseanna iascaireachta 2020 a mholadh.

**Maidir le hasbhaintí *de minimis* don langa sa Mhuir Thuaidh agus do ghliomach na hIorua in Skagerrak agus Kattegat (an Coimisiún)**

Tugann an Coimisiún dá aire intinn na mBallstát atá sa Ghrúpa Réigiúnach don Mhuir Thuaidh (Grúpa Scheveningen) moladh comhpháirteach athbhreithnithe a thíolacadh lena gcuirfí isteach athuair an díolúine *de minimis* don langa faoi bhun íosmhéid tagartha caomhnaithe do shoithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT agus PTB) de mhogallmhéid >120mm sa Mhuir Thuaidh (limistéar 4 ICES), agus lena dtabharfaí isteach athuair an díolúine do chumas ard teacht slán i gcás ghliomach na hIorua i roinn 3a ICES a ghabhtar le tráil ghrinnill (OTB, OTT, TBN) feistithe le soc-fhoirceann de mhogallmhéid 70 mm ar a laghad atá feistithe le greille shórtála le spásáil 35 mm ar a mhéad idir barraí de.

Ar choinníoll go nglacfar an plean athbhreithnithe maidir le hábhar muirí aischurtha, tar éis mheastóireacht STECF, breithneoidh an Coimisiún, más iomchuí, togra a thíolacadh maidir le leasú sa bhliainréise ar an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta do 2020 lena gcoigeartófar leibhéal na TACanna don langa agus do ghliomach na hIorua chun an ráta diúscartha atá ceadaithe a chur san áireamh.

**Maidir leis an gcuóta foghabhála idirnáisiúnta don haileabó Graonlannach (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Coimisiún)**

Lorgóidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann réiteach fadtéarmach ar an tsaincheist maidir le foghabháil an haileabó Ghraonlannaigh in iascach measctha, agus an chomhairle eolaíoch á cur san áireamh. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis na stáit chósta agus é d'aidhm aige teacht ar chomhaontú maidir le comhbhainistiú inbhuanaithe ar an haileabó Graonlannach i Muir Barents, bunaithe ar an taifead gabhála a bhí roimhe seo ag an Aontas Eorpach. Murar féidir teacht ar chomhaontú, breithneoidh an Coimisiún moltaí iomchuí a dhéanamh le haghaidh an chuóta aontaobhaigh, ar bhonn na comhairle eolaíche agus an taifid ar an ngabháil stairiúil.

**Maidir leis an bhféidearthacht TACanna ilbhliantúla a bhunú do stoic san Atlantach Thoir Thuaidh (an Coimisiún, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an tSualainn)**

D'fhéadfadh tuarthacht agus cobhsaíocht níos mó maidir le socrú na gabhála iomláine is incheadaithe (TAC) a bheith chun leasa bhainistíocht iascach an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh. I gcás stoic san Atlantach Thoir Thuaidh atá á mbainistiú ag an Aontas Eorpach amháin (nach stoic roinnte iad), d'fhéadfaí féachaint ar TACanna ilbhliantúla a bhunú chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES measúnú eolaíoch a dhéanamh ar an bhféidearthacht an tréimhse ama a athrú le haghaidh TACanna áirithe i bhfianaise an cheanglais atá ann a áirithiú go bhfanfaidh an stoc lena mbaineann ag an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) agus laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Sa bhreis ar chóras na TACanna ilbhliantúla, iarrfar ar ICES measúnú a dhéanamh ar an bpáirt a d'fhéadfadh a bheith ag uirlisí caomhnaithe eile a chur i bhfeidhm chun an stoc lena mbaineann a choinneáil ag MSY agus laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

I gcás TACanna a leanfaí dá socrú go bliantúil, iarrfar ar ICES anailís a dhéanamh ar bhealaí féideartha cur chuige chun cur le cobhsaíocht idirbhliantúil TACanna.

**Maidir le measúnú eolaíoch ar an shéacla in Fladen Ground sa Mhuir Thuaidh (an Danmhairg)**

Tá geallta ag an Danmhairg a fhiosrú an bhféadfaí feabhas costéifeachtach (bunaithe ar shonraí ó iascach tráchtála) a chur ar an measúnú eolaíoch ar an séacla in Fladen Ground sa Mhuir Thuaidh, agus é mar aidhm fhadtéarmach go gcuirfeadh ICES i ngníomh measúnú anailíseach ar an stoc sin.

**Maidir le tionscadal i dtaca le hiascaigh lándoiciméadaithe in Kattegat (an Danmhairg)**

Cumhdóidh an tionscadal sin formhór na n-iascach Danmhargach in Kattegat ag a mbíonn trál grinnill.

Bunófar an tionscadal ar na riachtanais agus na caighdeáin a shainítear i bpáipéar EFCA maidir leis na treoracha teicniúla agus na sonraíochtaí teicniúla chun cianfhaireachán leictreonach a chur chun feidhme in iascaigh an Aontais.

Cuirfear tús leis an tionscadal i mí Eanáir 2020 agus cuirfear chun feidhme é i dtrí chéim. Déanfaidh Coiste Stiúrtha an tionscadal a bhainistiú.

- Céim 1 (Eanáir - Lúnasa 2020) - céim ullmhúcháin. Sa chéim sin ní bhainfear úsáid as aon iascach lándoiciméadaithe iarbhír, ach ullmhófar an tabhairt isteach.
- Céim 2 (Meán Fómhair 2020 - Meitheamh 2022) - an chéim feidhmiúcháin. Sa chéim sin, tabharfar isteach úsáid na n-iascach lándoiciméadaithe de réir a chéile agus bainfear úsáid as mar bheart rialaithe breise san iascach tráil grinnill in Kattegat.
- Céim 3 (Iúil 2022 - Nollaig 2022) - an chéim mheastóireachta. Sa chéim sin, leanfar le húsáid na n-iascach lándoiciméadaithe de réir chéim 2, ach déanfar meastóireacht ar an tionscadal i gcomhar le EFCA.

I mí Mheán Fómhair 2020 déanfar na chéad cheamaraí a shuiteáil ar na chéad soithí (leagfaidh an Coiste Stiúrtha amach na critéir lena roghnófar soithí). Is é an Coiste Stiúrtha a leagfaidh amach an amlíne chun na hiascaigh lándoiciméadaithe do na soithí atá fágtha a thabhairt isteach.

Beidh ar shoithí nach gcumhdaítear le hiascaigh lándoiciméadaithe na fearais roghnaíocha a shainmhínítear sa rialachán a úsáid.

Úsáidfidh na soithí a chumhdaítear le hiascach lándoiciméadaithe fearais i gcomhréir leis an rialachán maidir le bearta teicniúla nó fearais eile atá chomh roghnaíoch céanna.

Ní bheidh iallach ar shoithí a ghlacfaidh ar bord trealamh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe in 2020 úsáid a bhaint as na fearais roghnaíocha mar a shainmhínítear iad sa rialachán maidir le TACanna agus cuótaí in 2020.

**Gealltanas de pháirt na Fraince agus de pháirt na Spáinne maidir le hiascaigh doingean mara i mBá na Bioscáine**

Chun an teorainn ghabhála dar méid 2533 thonna a mholann ICES a chomhlíonadh, is é a gheallann an Fhrainc agus an Spáinn, i gcás gabhálacha tráchtála, a áirithiú go gcomhlíonfar teorainn fhoriomlán le haghaidh gabhálacha tráchtála a shainmhínítear mar a leanas:

- i leith na Fraince, teorainn a shocrófar ag 95% den chion arna cionroinnt ar iascaigh tráchtála móide 20 tonna, i.e. 2032 thonna do 2020.

- i leith na Spáinne, teorainn a shocrófar ag 5% den chion arna cionroinnt ar iascaigh tráchtála lúide 20 tonna, i.e. 86 thonna do 2020.

**Maidir leis an trosc sa Mhuir Thuaidh (An Ríocht Aontaithe)**

Tá rún daingean ag an Ríocht Aontaithe an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le bainistíocht stoic inbhuanaithe. Tá an trosc le fáil go forleathan ar fud na Mara Thuaidh, ach tá leideanna ann anois gur tháinig éagsúlachtaí chun cinn le tamall anuas maidir le flúirse an troisc ar fud na Mara Thuaidh. Ní léir impleachtaí na n-éagsúlachtaí sin ó thaobh comhairle agus cinntí bainistíochta de agus ar an ábhar sin áitíonn an Ríocht Aontaithe go dtosófar láithreach ar obair lena gcuirfear feabhas ar an tuiscint fhoriomlán ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na héagsúlachtaí sin ar an gcomhairle eolaíoch a chuireann ICES amach. Ba cheart an obair sin a chríochnú ionas gur féidir bonn eolais a chur faoin gcaibidlíocht agus faoi na cinntí bainistíochta a dhéanfar an bhliain seo chugainn.

**Maidir le iascach ghliomach na hIorua in aonaid fheidhmiúla 25 agus 31 (an Spáinn agus an Coimisiún)**

Tá rún daingean ag an Spáinn go mbeidh iascach ghliomach na hIorua inbhuanaithe. Leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair lena comhlacht eolaíoch, agus tacaíocht á fáil aici ó thionscal na hiascaireachta, chun feabhas a chur ar an eolas eolaíoch faoi na stoic sin. Ba cheart an t-eolas eolaíoch sin a chur faoi bhráid na meithle ábhartha de chuid ICES, d'fhonn éabhlóid na stoc lena mbaineann a mheas. I gcás ina dtiocfaidh forás shoiléir dhearfach ar na stoic sin, agus ICES a dhéanamh athmheastóireacht dá bharr sin ar stádas TAC, atá nialasach faoi láthair, breithneoidh an Coimisiún tograí iomchuí chun na deiseanna iascaireachta le haghaidh an stoic sin a leasú.

**Maidir leis an mbonn le TAC a shocrú don leathóg i Muir nIocht (an Coimisiún)**

Iarrfaidh an Coimisiún ar STECF athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn le comhairle gabhála don leathóg i ranna 7d agus 7e ICES don aonad TAC PLE/7DE a chomhcheangal. Tar éis athbhreithniú STECF, breithneoidh an Coimisiún, más iomchuí, togra a thíolacadh maidir le leasú sa bhliainréise ar an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta do 2020 lena gcoigeartófar leibhéal an TAC don leathóg chun aon athbhreithniú is gá a chur san áireamh.

**Maidir le solúbthacht laistigh den limistéar don leathóg sa Mhuir Cheilteach (an Coimisiún, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe)**

Aithníonn an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún nach bhfuil eolas mór ar struchtúr an stoic leathóg sa Mhuir Cheilteach (catagóir 3). Mar gheall air sin, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES a mheas cad é mar is féidir feabhas a chur ar an eolas eolaíoch faoin stoc leathóg sa Mhuir Cheilteach, d'fhonn an tionchar a bheadh ag solúbthacht laistigh den limistéar don leathóg idir 7e nó 7fg agus 7hjk a mheas.

**Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) sa Bhunrialachán maidir le COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK in 2020 (an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe)**

Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; COD/5BE6A; WHG/56-14; WHG/07A agus PLE/7HJK faoi bhun $B_{lim}$ agus nach gceadófar ach foghabháil [agus iascaigh eolaíocha] in 2020, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) [NS MAP / WW MAP], geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2020. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas siúd.

**Maidir le solúbthacht laistigh den limistéar do stoic bhitheolaíocha éagsúla (an Coimisiún)**

Cuirfidh an Coimisiún iarraidh faoi bhráid ICES go ndéanfaidh sé comhairle eolaíoch a sholáthar cé acu ba inbhuanaithe nó nárbh inbhuanaithe an tsolúbthacht laistigh den limistéar, san fhadtéarma freisin, agus é á thabhairt ar aird go léirítear leis an gcomhairle eolaíoch atá ann faoi láthair go mbeadh feidhm ag an tsolúbthacht sin maidir le dhá stoc dhifriúla. Cuirfear isteach na hiarrataí seo a leanas:

| An Ballstát | Speiceas | Ó | Go dtí | % solúbthachta a iarradh | Coinníollacha |
|---|---|---|---|---|---|
| An Fhrainc | An mangach | 7 | 8abde | 5% | |
| An Fhrainc | An faoitín | 2a, 4 | 7b-k | 5% | 7d amháin |

**Maidir leis an trosc sa Mhuir Cheilteach (Coimisiún)**

Aithníonn an Coimisiún iarrachtaí na Comhairle an trosc sa Mhuir Cheilteach a chosaint, trí níos mó beart roghnaíochta amhail méadú ar mhéid an mhogaill agus úsáid fearas iascaireachta roghnaíoch. Ós amhlaidh, áfach, go bhfuil an trosc ar an leibhéal is ísle agus a bhí sé riamh sa Mhuir Cheilteach (1665 thonna an luach bithmhaise agus 7300 tonna an luach $B_{lim}$), b'fhearr leis an gCoimisiún go socrófaí an TAC don trosc sa Mhuir Cheilteach ar leibhéal níos airí, agus é mar aidhm aige téarnamh níos tapúla a áirithiú i leith an stoic sin, agus cuspóirí phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair á gcur san áireamh.

**Maidir leis na hasbhaintí i ndáil le díolúintí i gcás na leathóige in Kattegat (Coimisiún)**

Tar éis soiléiriú breise a fháil ón Danmhairg, ón nGearmáin agus ón tSualainn faoi thabhairt i dtír agus aischur na leathóg a rinne a gcuid soithí in 2018 a bheidh díolmhaithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír in Kattegat in 2020, breithneoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra a thíolacadh le haghaidh leasú sa bhliainréise ar rialachán 2020 maidir le deiseanna iascaireachta lena gcoigeartófar leibhéal TAC PLE/03AS. le haghaidh na leathóg chun an ráta aischuir ceadaithe athbhreithnithe a chur san áireamh.

**Buntáistí na Háige (an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ísiltír)**

Is é a mheasann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ísiltír go ndearnadh na scálaí maidir le cionroinnt na gcuótaí le haghaidh na mBallstát a chomhaontú in 1983. Is iad na scálaí sin is bonn leis an gcobhsaíochta coibhneasta, prionsabal arna bhunú leis an mbunrialachán lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh. Measaimid go bhfuil buntáistí na Háige contrártha do phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

**Maidir leis an ngealltanas réiteach a fháil, trí mhalartuithe, maidir le speicis scoir na mBallstát sin ag a bhfuil cionroinnt cuótaí nialasach (Grúpa na hUiscí Thiar Thuaidh, i.e. an Bheilg, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe)**

Na Ballstáit lena mbaineann, féachfaidh siad leis na malartuithe is gá a dhéanamh chun nach mbeidh staideanna scoir ann i gcás na stoc seo a leanas, rud a chumhdóidh riachtanais na mBallstát sin nach bhfuil cionroinnt cuótaí acu sna stoic sin:

- Glasáin, POK 7/3411
- Sól, SOL/7BC.
- Sól, SOL/56-14
- Sól, SOL/7FG
- Trosc, COD/5W6-14
- Leathóg, PLE/56-14
- Leathóg, PLE/7BC
- Faoitín, WHG/7X7A-C
- Torciasc, BOR/678

Le méid na gcuótaí a mhalartaítear ón liosta sin, is é ba cheart a bheith mar aidhm aige ceadú do na Ballstáit sin nach bhfuil cionroinnt cuótaí acu oibriú go héifeachtach ón 1 Eanáir 2020 agus, rud a chumhdóidh na foghabhálacha dosheachanta measta ó gach Ballstát.

Na Ballstáit sin a fhaigheann na malartuithe, soláthróidh siad, mar mhalairt orthu, cuótaí ó Iarscríbhinn IA den rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.

Tá sé geallta ag na Ballstáit go ndéanfaidh siad iarrachtaí teacht ar chomhréiteach agus malartuithe cothroma cuótaí a shocrú trí leas a bhaint as ráta malairte margaidh nó as rátaí eile malairte a bheidh inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, úsáidfear an luach eacnamaíoch coibhéiseach i gcomhréir le meánphraghsanna na bliana roimhe sin san Aontas, arna soláthar ag EUMOFA.

**Maidir le malartuithe cuótaí do cholmóirí deisceartacha, do láimhínigh agus do scaoilteáin i roinn 8c agus i bhfolimistéar 9 (an Spáinn agus an Phortaingéil)**

Tiocfaidh an Spáinn agus an Phortaingéil ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí is gá do cholmóirí, do láimhínigh agus do scaoilteáin sna huiscí Ibéaracha chun staideanna "scoir" a sheachaint.